Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14050/23**
**ADD 1**

**JAI 1294**
**JUSTCIV 146**
**FREMP 282**
**RELEX 1170**
**COASI 173**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13870/23 |
| Ábhar: | Coinbhinsiún na Háige 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála: An seasamh atá le glacadh maidir le haontachas Shingeapór<br>– Formheas<br>– Ráiteas comhpháirteach ón tSeicia agus ón bhFrainc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach ón tSeicia agus ón bhFrainc atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

**Dearbhú coiteann na Seicia agus na Fraince**

Staonfaidh an tSeicia agus an Fhrainc ón vóta ar an seasamh atá le glacadh maidir le haontachas Shingeapór le Coinbhinsiún na Háige 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála ar an gCoigríoch (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Háige' anseo feasta).

Tá an tSeicia agus an Fhrainc fós in amhras faoin moladh gur gá agus gur ceart do Coreper agus Comhairle an Aontais Eorpaigh seasamh a ghlacadh maidir le haontachas Shingeapór le Coinbhinsiún na Háige mar a leagtar síos in 14050/23 é.

Luaitear ann go sainráite go dtagann Coinbhinsiún na Háige faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, de bhun Airteagal 3(2) CFAE, a mhéid a d'fhéadfadh forálacha an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do raon feidhme chomhrialacha an Aontais ar sheirbheáil doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, nó an raon feidhme sin a athrú. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil feidhm ag forálacha Choinbhinsiún na Háige sa chaidreamh idir na Ballstáit ach amháin nuair a bhíonn tríú Stát i gceist, tá amhras ann go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhrialacha an Aontais nó iad a mhodhnú.

Ní mheasann an tSeicia ná an Fhrainc gur fasach é an moladh seo do gach aontachas eile le Coinbhinsiún na Háige ná do bhearta eile de chuid an Aontais Eorpaigh darb aidhm dóibh ábhair inchomparáide a rialáil, i gcás ina bhféadfadh ról fós a bheith ag inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais Eorpaigh ach nach ndearna na Ballstáit é sin a chomhaontú fós.